



AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA

AN CHOMHAIRLE

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2020
(OR. en)**

**2018/0204 (COD)
LEX 2030**

PE-CONS 47/20

**JUSTCIV 122
EJUSTICE 93
COMER 172
CODEC 1147**

RIALACHÁN

Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

MAIDIR LE DOICIMÉID BHREITHIÚNACHA

AGUS SHEACHBHREITHIÚNACHA A SHEIRBHEÁIL SNA BALLSTÁIT IN ÁBHAIR

SHIBHIALTA NÓ THRÁCHTÁLA

(DOICIMÉID A SHEIRBHEÁIL)

(ATHMHÚNLÚ)

RIALACHÁN (AE) 2020/...
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Samhain 2020

**maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in
ábhair shibhialta nó thráchtála (doiciméid a sheirbheáil)
(athmhúnlú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

¹ IO C 62, 15.2.2019, lch. 56.

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2019 [(IO ...)/(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil)] agus seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh an 4 Samhain 2020 [(IO ...)/(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil)]. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2020 [(IO ...)/(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil)].

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a leasú roimhe seo. Os rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe suntasacha le déanamh, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.
- (2) Tá sé leagtha amach ag an Aontas mar chuspóir dó féin an tAontas a chothabháil agus a fhorbairt mar limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine. Chun limistéar den sórt sin a bhunú, glacfaidh an tAontas, i measc bearta eile, bearta a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhfuil gá leo chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is cuí.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle (IO L 324, 10.12.2007, lch. 79).

- (3) Chun críocha fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, agus chun críocha limistéar um cheartas sibhialta san Aontas a fhorbairt, is gá tuilleadh feabhais a chur ar tharchur agus ar sheirbheáil doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta nó thráchtála idir na Ballstáit agus an tarchur agus an tseirbheáil sin a bhrostú tuilleadh, agus, ag an am céanna, ardleibhéal slándála agus cosanta á n-áirithiú i dtarchur na ndoiciméad sin, cearta na seolaithe á gcoimirciú agus príobháideachas agus sonraí pearsanta á gcosaint. Leis an Rialachán seo, féachtar le héifeachtacht agus luas na nósanna imeachta breithiúnacha a fheabhsú trí shimpliú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil san Aontas, agus, ag an am céanna, cuidiú le laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna agus costais do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí. Trí níos mó deimhneachta dlíthiúla agus nósanna imeachta atá níos simplí, agus atá cuíchóirithe agus digitithe a sholáthar, déanfar daoine aonair agus gnólachtaí a spreagadh chun dul i mbun idirbhearta trasteorann agus, sa chaoi sin, cuirfear borradh faoin trádáil laistigh den Aontas agus, dá bhrí sin, faoi fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
- (4) Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó thráchtála. Níor cheart feidhm a bheith aige maidir le seirbheáil doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair eile amhail ábhair ioncaim, ábhair chustaim ná ábhair riaracháin.
- (5) Ba cheart seirbheáil trasteorann a fhorléiriú mar sheirbheáil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

- (6) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbheáil doiciméad ar ionadaí údaraithe ó pháirtí i mBallstát an fhóraitm ina bhfuil na himeachtaí ag tarlú, ach ba cheart feidhm a bheith aige maidir le seirbheáil aon doiciméid ar pháirtí i mBallstát eile más gá an tseirbheáil sin a dhéanamh faoi dhlí Bhallstát an fhóraitm, gan beann ar seirbheáilíodh an doiciméad ar ionadaí an pháirtí.
- (7) I gcás nach bhfuil seoladh aitheanta le haghaidh seirbheála ag seolaí i mBallstát an fhóraitm, ach go bhfuil ceann amháin nó níos mó de sheoltaí aitheanta le haghaidh seirbheála aige i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit eile, ba cheart an doiciméad a tharchur chuig an mBallstát eile sin lena sheirbheáil faoin Rialachán seo. Níor cheart an cás sin a fhorléiriú mar sheirbhís intíre laistigh de Bhallstát an fhóraitm. Go háirithe, níor cheart an doiciméad a sheirbheáil ar an seolaí trí mhodh samhailteach seirbheála, amhail seirbheáil trí fhógra a chur ar bhord fógra na cúirte nó tríd an doiciméad a thaisceadh i gcomhad na cúirte.
- (8) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart a thuiscint go n-áirítear leis an téarma “doiciméid sheachbhreithiúnacha” doiciméid arna dtarraingt suas nó arna ndeimhniú ag údarás poiblí nó oifigeach, agus doiciméid eile ar gá iad a tharchur go foirmiúil chuig seolaí a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát eile chun ceart nó éileamh sa dlí sibhialta nó tráchtála a fheidhmiú, a chruthú nó a choimirciú. Níor cheart a thuiscint go n-áirítear leis an téarma “doiciméid sheachbhreithiúnacha” doiciméid arna n-eisiúint ag údaráis riaracháin chun críoch imeachtaí riaracháin.

- (9) Leis an éifeachtúlacht agus an luas a bhaineann le himeachtaí in ábhair shibhialta, éilítear go ndéanfar doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a tharchur go díreach agus faoi luas idir comhlachtaí áitiúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann gníomhaireachtaí tarchuir agus gníomhaireacht fála ar leithligh a ainmniú nó gníomhaireacht amháin nó níos mó a ainmniú chun an dá fheidhm a chomhlíonadh, ar feadh tréimhse cúig bliana. Ba cheart, áfach, é a bheith indéanta an t-ainmniú sin a athnuachan gach cúig bliana.
- (10) Chun a áirithiú go dtarchuirfear doiciméid go gasta idir Ballstáit chun críocha a seirbheála, ba cheart aon nuatheicneolaíocht chumarsáide a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe maidir le sláine agus iontaofacht an doiciméid arna fháil. Dá bhrí sin, mar riail, ba cheart gach cumarsáid agus malartú doiciméad idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dhéanamh trí chóras TF díláraithe slán agus iontaofa atá comhdhéanta de chórais TF náisiúnta agus atá idirnasctha agus idir-inoibritheach go teicniúil, mar shampla, agus gan dochar d'fhorbairt bhreise na teicneolaíochta, bunaithe ar e-CODEX. Dá réir sin, ba cheart córas TF díláraithe a bhunú le haghaidh malartuithe sonraí faoin Rialachán seo. De bhrí gur córas díláraithe é an córas TF sin, ní chumasófaí leis ach malartuithe sonraí idir Ballstát amháin agus Ballstát eile, gan aon cheann d'institiúidí an Aontais a bheith rannpháirteach sna malartuithe sin.
- (11) Gan dochar do dhul chun cinn teicneolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ní gá gur cheart a thuiscint gur seirbhís seachadta cláraithe leictreonach cáilithe é an córas TF díláraithe slán agus a chomhpháirteanna mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhele haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (OI L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (12) Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, agus ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit na bogearraí sin, seachas córas náisiúnta TF, a úsáid, i gcomhréir le prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Ba cheart don Choimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhréir le riachtanais agus prionsabail na cosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725¹ agus (AE) 2016/679² ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go háirithe prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Ba cheart bearta teicniúla iomchuí a áireamh leis na bogearraí cur chun feidhme tagartha freisin, agus ba cheart na bearta eagrúcháin is gá a chumasú chun an leibhéal slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú, ar leibhéal é atá iomchuí do mhalartú faisnéise i gcomhthéacs doiciméid a sheirbheáil.
- (13) Maidir leis na comhpháirteanna den chórais TF dhíláraithe atá faoi fhreagracht an Aontais, ba cheart acmhainní leordhóthanacha a bheith ag an eintiteas bainistíochta chun feidhmiú cuí an chórais sin a áirithiú.

¹ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

² Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (14) Ba cheart don údarás inniúil nó do na húdaráis inniúla faoin dlí náisiúnta a bheith freagrach mar rialaitheoirí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 maidir leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo chun doiciméid a tharchur idir Ballstáit.
- (15) D'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta an tarchur tríd an gcóras TF díláraithe a dhéanamh mar gheall ar chur isteach ar an gcóras. D'fhéadfadh modhanna eile cumarsáide a bheith níos iomchuí in imthosca eisceachtúla freisin, a bhféadfadh cásanna a bheith san áireamh leo ina leagfaí ualach díréireach riaracháin ar an ngníomhaireacht tarchuir i gcás ina mbeadh lear mór doiciméad á gcomhshógo foirm leictreonach nó ina dteastódh an doiciméad bunaidh i bhfoirm páipéir chun barántúlacht an doiciméid sin a mheas. I gcás nach n-úsáidtear an córas TF díláraithe, ba cheart an tarchur a dhéanamh trí na modhanna malartacha is iomchuí. Ba cheart a bheith i gceist leis na modhanna malartacha den sórt sin, inter alia, an tarchur a bheith á dhéanamh chomh tapa agus is féidir agus ar bhealach slán trí mhodhanna leictreonacha slána eile nó tríd an tseirbhís phoist.
- (16) Chun feabhas a chur ar tharchur leictreonach trasteorann na ndoiciméad tríd an gcóras TF díláraithe, níor cheart éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar dhoiciméid den sórt sin agus níor cheart a mheas go bhfuil siad neamh-inghlactha mar fhianaise sna himeachtaí ar an bhforas, agus ar an bhforas sin amháin, gur i bhformáid leictreonach atá siad. Mar sin féin, ba cheart an prionsabal sin a bheith gan dochar do mheasúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí dlíthiúla ná d'inghlacthacht doiciméad den sórt sin mar fhianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ba cheart é freisin a bheith gan dochar don dlí náisiúnta maidir le doiciméid a chomhshó.

- (17) Chun tarchur agus seirbheáil doiciméad idir Ballstáit a éascú, ba cheart na foirmeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a úsáid. Ba cheart an doiciméad a bheidh le tarchur a bheith ag gabháil le hiarraidh a dhréachtófar trí fhoirm A in Iarscríbhinn I a úsáid. Ba cheart an fhoirm a chomhlánú i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát sin in iúl go bhféadfadh sé glacadh léi. Ba cheart do gach Ballstát a chur in iúl an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais seachas a theanga féin lena bhfuil glacadh aige.
- (18) Le húsáid a bhaint as foirm D in Iarscríbhinn I, ba cheart admháil fála a chur chuig an ngníomhaireacht tarchuir go huathoibríoch, tríd an gcóras TF díláraithe nó ar mhodhanna eile, a luaithe is féidir agus i ngach cás laistigh de sheacht lá tar éis an doiciméad a fháil.
- (19) Ar dheimhniú neamhsheirbheála na ndoiciméad a fháil, tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag an ngníomhaireacht tarchuir cibé a chuir nó nár chuir údaráis an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air iarrataí chuig cláir shainchónaithe nó chuig bunachair sonraí eile, i gcás inarb ann do na cláir nó na bunachair sonraí sin, chun cuardach a dhéanamh ar sheoladh nua don duine atá le seirbheáil. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún má dhéanann a n-údaráis na hiarrataí sin ar a dtionscnamh féin i gcásanna nach mbíonn an seoladh a léirítear san iarraidh ar sheirbheáil ceart. Mar sin féin, níor cheart oibleagáid a fhorchur leis an Rialachán seo ar údaráis na mBallstát na hiarrataí sin a dhéanamh.

- (20) I gcás nach féidir iarraidh ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, i gcás nach dtagann an iarraidh faoi raon feidhme an Rialacháin, i gcás ina bhfuil an tseirbheáil dodhéanta toisc nár comhlíonadh na coinníollacha foirmiúla, i gcás inar seoladh é chuig ghníomhaireacht fála nach bhfuil dlínse chríche aici, ba cheart don ghníomhaireacht fála na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a dhéanamh gan moill mhíreásúnta, nach bhfuil bonn cirt ná gá léi i bhfianaise na n-imthosca sonracha, lena n-áirítear na modhanna cumarsáide atá ar fáil don ghníomhaireacht fála.
- (21) Ar mhaithe le luas an tarchuir, caitear doiciméid a sheirbheáil laistigh de chúpla lá ón doiciméad a fháil. Ba cheart doiciméid a sheirbheáil a luaithé is féidir, agus i ngach cás laistigh d'aon mhí amháin ón tráth a bhfaighidh an ghníomhaireacht fála é.
- (22) Ba cheart don ghníomhaireacht fála leanúint de gach beart is gá a dhéanamh chun an doiciméad a sheirbheáil i gcásanna nárbh fhéidir an tseirbheáil a dhéanamh laistigh d'aon mhí ón doiciméad a fháil toisc go raibh an cosantóir ar saoire, as baile nó as láthair ón oifig ar chúrsaí gnó, mar shampla. Mar sin féin, chun nach mbeidh oibleagáid shíoraí ar an ngníomhaireacht fála bearta a dhéanamh chun go seirbheálfar an doiciméad, ba cheart don ghníomhaireacht fála a bheith in ann teorainn ama nach gá an tseirbheáil a thuilleadh ina dhiaidh a shonrú, ag baint úsáid as foirm A in Iarscríbhinn I.
- (23) Chun a áirithiú go bhfuil an Rialachán seo éifeachtach, ba cheart na himthosca ina bhfuil sé indéanta an doiciméad atá le seirbheáil a dhiúltú a theorannú do chásanna eisceachtúla.

- (24) I ngach cás nach bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil i dteanga oifigiúil nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla áit na seirbheála, ba cheart don ghníomhaireacht fála a chur in iúl don seolaí i scríbhinn agus ag baint úsáid as foirm L`in Iarscríbhinn I gur féidir leis an seolaí an doiciméad atá le seirbheáil a dhiúltú mura bhfuil sé i dteanga a thuigeann an seolaí ná i dteanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla áit na seirbheála. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail sin freisin maidir le haon seirbheáil a dhéanfar ina dhiaidh sin nuair a bheidh an ceart diúltaithe atá curtha chun feidhme ag an seolaí. Ba cheart freisin feidhm a bheith ag ceart an diúltaithe maidir le seirbheáil a dhéanann gníomhairí taidhleoireachta nó oifigh chonsalacha, seirbheáil trí sheirbhísí poist, seirbheáil leictreonach agus seirbheáil dhíreach. Ba cheart go bhféadfaí seirbheáil an doiciméid a diúltaíodh a leigheas trí aistriúchán ar an doiciméad sin a sheirbheáil ar an seolaí.
- (25) Má tá aistriúchán i gceangal leis an doiciméad atá le seirbheáil, ba cheart é a bheith deimhnithe nó go measfar é a bheith oiriúnach le haghaidh imeachtaí i gcomhréir le dlí an Bhallstáit iarrthaigh. Ba cheart an t-aistriúchán sin a chur ar fáil don Bhallstát ina ndéanfar an tseirbheáil. Beidh aistriú doiciméad go teanga eile chun críoch chomhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú gan dochar do chumas an fhaighteora agóid a dhéanamh i gcoinne chruinneas an aistriúcháin i gcomhréir le dlí Bhallstáit an fhórait.

- (26) Má dhiúltaigh an seolaí glacadh leis an doiciméad agus má chinneann an chúirt nó an t-údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair, tar éis di nó dó fíorú a dhéanamh, nach raibh údar cuí leis an diúltú sin, ba chóir don chúirt sin nó don údarás sin breathnú ar shlí iomchuí chun an seolaí a chur ar an eolas maidir leis an gcinneadh sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Chun a fhíorú an raibh údar cuí leis an diúltú sin, ba cheart don chúirt sin nó don údarás sin an fhaisnéis ábhartha uile atá sa chomhad a chur san áireamh chun a dhéanamh amach go cruinn cé na scileanna teanga atá ag an seolaí. I gcás inarb ábhartha, agus scileanna teanga an tseolaí á meas, ba cheart don chúirt eilimintí fíorasacha a chur san áireamh, mar shampla doiciméid a scríobh an seolaí sa teanga lena mbaineann, an mbaineann scileanna teanga sonracha le ceird an tseolaí, an saoránach é an seolaí de Bhallstát an fhóiraim, nó an raibh cónaí ar an seolaí ar feadh tréimhse fhada sa Bhallstát sin roimhe sin.
- (27) I bhfianaise na ndifríochtaí idir na Ballstáit i ndáil lena rialacha nós imeachta, bíonn an dáta éifeachtach chun seirbheáil a dhéanamh éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. I bhfianaise cásanna den chineál sin agus do na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, ba cheart don Rialachán seo foráil a dhéanamh do chóras inarb é dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air a chinneann dáta na seirbheála. I gcás ina gcaithfear doiciméad a sheirbheáil laistigh de thréimhse áirithe faoi dhlí Ballstáit, áfach, ba cheart gurb é an dáta arna chinneadh le dlí an Bhallstáit sin an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir. Ní ann do chóras an dáta dhúbailte sin ach i líon teoranta Ballstát. Má chuireann Ballstáit an córas sin i bhfeidhm, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a chur in iúl don Choimisiún agus ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go leictreonach tríd an Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála arna bhunú le Cinneadh 2001/270/CE ón gComhairle¹ agus ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

¹ Cinneadh 2001/470/CE an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25).

- (28) D'fhonn an rochtain ar cheartas a éascú, ba cheart do Bhallstáit táille shocraithe aonair a leagan síos le haghaidh costais a bhaineann le dul i muinín oifigigh bhreithiúnaigh nó dul i muinín duine atá inniúil faoi dhlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air. Ba cheart prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe a urramú leis an táille sin. Níor cheart go gcoiscfeadh an ceanglas maidir le táille shocraithe aonair, an fhéidearthacht do na Ballstáit táillí éagsúla a shocrú do chineálacha éagsúla seirbheála ar choinníoll go n-urramóidh siad na prionsabail sin.
- (29) Ba cheart do gach Ballstát a bheith saor le seirbheáil doiciméad a dhéanamh trí sheirbhísí poist chuig daoine a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile go díreach trí litir chláraithe lena ngabhann admháil fála nó a coibhéis. Ba cheart go mbeadh sé indéanta seirbhís poist a úsáid, bíodh sé príobháideach nó poiblí, chun doiciméid a sheirbheáil i gcineálacha éagsúla litreacha, lena n-áirítear bearta litreacha.
- (30) I gcomhréir le cásdlí bunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh¹, ba cheart a mheas gur seirbheáil bhailí í seirbheáil arna déanamh go díreach trí sheirbhísí poist faoin Rialachán seo, fiú mura ndearnadh an doiciméad a sheachadadh chuig an seolaí go pearsanta, i gcás inar seirbheáladh é ag seoladh baile an tseolaí ar dhuine fásta atá ina chónaí sa teaghlach céanna leis an seolaí nó atá fostaithe ann ag an seolaí agus atá in ann agus toilteanach glacadh leis an doiciméad ach amháin mura gceadaítear faoi dhlí Bhallstát an fhóraithe ach an doiciméad sin a sheirbheáil ar an seolaí go pearsanta.

¹ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Márta 2017, *Andrew Marcus Henderson v Novo Banco SA*, C-354/15, ECLI:EU:C:2017:157.

- (31) Chun go mbeidh imeachtaí breithiúnacha éifeachtúil agus tapa, ní mór cainéil dhíreacha mheara shlána a bheith ann le haghaidh doiciméid a sheirbheáil ar dhaoine i mBallstát eile. Dá bharr sin, ba cheart an deis a bheith ann an tseirbheáil doiciméad a dhéanamh go díreach trí mhodhanna leictreonacha ar sheolaí arb i mBallstát eile a bhfuil an seoladh aige nó aici atá aitheanta don tseirbheáil. Leis na coinníollacha maidir leis an úsáid a bhaintear as an tseirbheáil dhíreach leictreonach sin, ba cheart a áirithiú nach ndéantar seirbheáil leictreonach ach amháin trí mhodhanna leictreonacha atá ar fáil faoi dhlí Bhallstát an fhórait chun doiciméid a sheirbheáil go hintíre ba cheart a áirithiú go bhfuil coimircí iomchuí ann chun leasanna an tseolaí a chosaint, lena n-áirítear ardchaighdeán theicniúla agus ceanglas maidir le toiliú sainráite arna thabhairt ag an seolaí.
- (32) Ba cheart go mbeadh sé indéanta an seolaí a sheirbheáil go leictreonach ag baint úsáid as seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ar choinníoll gur thug an seolaí toiliú sainráite roimh ré modhanna leictreonacha a úsáid chun críoch doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí toiliú sainráite a thabhairt le haghaidh imeachtaí sonracha nó mar thoiliú ginearálta le doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla tríd an modh seirbheála sin. D'fhéadfaí an toiliú sin a thabhairt i gcás ina bhféadfaí, faoi dhlí Bhallstát an fhórait, doiciméid nós imeachta a sheirbheáil trí chóras leictreonach agus inar thug an seolaí toiliú go n-úsáidfí an córas sin i ndáil le doiciméid a sheirbheáil roimh aon doiciméid a sheirbheáil ar an seolaí tríd an gcóras sin.

- (33) D'fhéadfaí an seolaí a sheirbheáil go leictreonach gan úsáid a bhaint as na seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ar choinníoll gur thug an seolaí réamhthoiliú sainráite don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair nó os a chomhair nó don pháirtí atá freagrach as an tseirbheáil sna himeachtaí sin leas a bhaint as ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist sonraithe i gcaitheamh na n-imeachtaí sin agus ar choinníoll go bhfaightear cruthúnas go bhfuair an seolaí an doiciméad. Ba cheart don seolaí a dheimhniú go bhfuarthas an doiciméad trí admháil fála a shíniú agus a sheoladh ar ais nó trí ríomhphost a sheoladh ar ais ar ríomhphost é a fuarthas ón seoladh ríomhphoist a chuir an seolaí ar fáil le haghaidh seirbheála. D'fhéadfaí an admháil fála a shíniú go leictreonach freisin. D'fhonn slándáil an tarchuir a ráthú, d'fhéadfadh Ballstáit na coinníollacha breise a shonrú faoina nglacfaidh siad le seirbheáil leictreonach trí ríomhphost i gcás ina leagtar síos ina ndlí coinníollacha níos déine i ndáil le seirbheáil trí ríomhphost nó i gcás nach gceadaíonn a dhlí an tseirbheáil sin trí ríomhphost. Leis na coinníollacha sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail sainaitheint an tseoltóra agus an fhaighteora, sláine na ndoiciméad a sheoltar agus an tarchur a chosaint ar chur isteach seachtrach.
- (34) Aon duine a bhfuil leas ar leith aige nó aici in imeachtaí breithiúnacha, ba cheart go bhféadfadh sé seirbheáil doiciméad a dhéanamh go díreach trí oifigigh bhreithiúnacha, oifigigh nó daoine inniúla eile an Bhallstáit ina bhféachtar an tseirbheáil, ar choinníoll go gceadófar an tseirbheáil dhíreach sin faoi dhlí an Bhallstáit sin.

- (35) I gcás ina dtugtar cead don bhreitheamh breithiúnas a thabhairt, faoin dlí náisiúnta agus an Rialachán seo, fiú mura mbeidh deimhniú seirbheála nó seachadta an doiciméid lena dtionscnaítear na himeachtaí nó a choibhéis faighte, ba cheart gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun an deimhniú a fháil trí údaráis inniúla nó comhlachtaí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air sula dtabharfar breithiúnas, i gcomhréir le haon cheanglais eile lena gcosnaítear leasanna an chosantóra. Seachas mura mbeidh sé ag luí leis an dlí náisiúnta, ba cheart gach iarracht réasúnta a dhéanamh an cosantóir a chur ar an eolas gur tionscnaíodh imeachtaí cúirte ag baint úsáid as aon bhealaí cumarsáide atá ar fáil, lena n-áirítear nuatheicneolaíocht na cumarsáide, a bhfuil seoladh nó cuntas ina leith ar eolas ag an gcúirt a bhfuiltear na himeachtaí os a comhair.
- (36) Ba cheart don Choimisiún lámhleabhar a dhréachtú ina mbeidh faisnéis atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo. Ba cheart an lámhleabhar a chur ar fáil tríd an Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sa lámhleabhar cothrom le dáta agus iomlán, go háirithe maidir le sonraí teagmhála na ngníomhaireachtaí fála agus tarchuir.
- (37) Agus na tréimhsí agus na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo á ríomh, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71¹ ón gComhairle.

¹ Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 11182/71 an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, le dátaí agus le teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

- (38) Chun na foirmeacha atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta, nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar an Iarscríbhinn sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (39) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, p. 13).

- (40) Ba cheart forlámhas a bheith ag an Rialachán seo ar na forálacha atá i gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó i socraithe déthaobhacha nó iltaobhacha, arna dtabhairt i gcríoch ag na Ballstáit, a bhfuil an raon feidhme céanna acu leis an Rialachán seo, go háirithe Coinbhinsiún na Háige an 15 Samhain 1965 ar Sheirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Tráchtála ar an gCoigríoch sa chaidreamh idir na Ballstáit is páirtí dó. Leis an Rialachán seo ní chuirtear bac ar Bhallstáit comhaontuithe nó socruithe a chothabháil nó a thabhairt i gcrích chun tarchur doiciméad a bhrostú nó a shimpliú, ar choinníoll go bhfuil na comhaontuithe nó na socruithe sin ag luí leis an Rialachán seo.
- (41) Ba cheart lánaird agus úrraim i gcomhréir le dlí an Aontais a thabhairt ar chearta agus saoirsí bunúsacha na ndaoine ar fad lena mbaineann, go háirithe na cearta chun rochtain chomhionann ar an gceartas, chun neamh-idirdhealú agus chun cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais.
- (42) Ba cheart an fhaisnéis a tharchuirtear de bhun an Rialacháin seo a chosaint go hoiriúnach. Tagann cosaint den sórt sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Ba cheart a scriosadh láithreach sonraí pearsanta nach bhfuil ábhartha maidir le cás sonracha láimhseáil.

¹ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

- (43) I gcomhréir le míreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo ar bhonn faisnéis a bhailítear trí shocruithe sonracha faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir an Rialacháin seo agus ar an ngá atá le haon ghníomhaíocht bhreise. I gcás ina mbailíonn Ballstáit sonraí maidir le doiciméid a sheirbheáil faoin Rialachán seo, go háirithe faisnéis faoi líon na n-iarrataí a tharchuirtear agus líon na n-iarrataí a fhaightear, líon na gcásanna ina ndearnadh tarchur trí bhealaí eile seachas tríd an gcóras TF díláraithe, líon na ndeimhnithe a fuarthas maidir le neamhsheirbheáil doiciméad a fhaightear agus líon na bhfógraí maidir le diúltú ar chúiseanna teanga a fuair na gníomhaireachtaí tarchuir, ba cheart dóibh sonraí den sórt sin a chur ar fáil don Choimisiún chun críocha faireacháin. Maidir leis na bogearraí cur chun feidhme tagartha a d'fhorbair an Coimisiún mar chóras cúil, ba cheart iad a bhailiú ar bhonn cláir na sonraí is gá a chlársceidealú chun críocha faireacháin a bhailiú agus ba cheart sonraí den sórt sin a tharchur chuig an gCoimisiún. I gcás ina roghnaíonn na Ballstáit córas náisiúnta TF a úsáid in ionad na mbogearraí cur chun feidhme tagartha a d'fhorbair an Coimisiún, féadfaidh na córais sin a bheith in ann na sonraí sin a bhailiú ar bhonn cláir agus, sa chás sin, ba cheart na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún.
- (44) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall ar na difríochtaí idir rialacha náisiúnta lena rialaítear dlínse agus aithint agus forfheidhmiú cinntí ach, mar gheall ar infheidhmeacht dhíreach agus cineál ceangailteach an Rialacháin seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

- (45) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an 13 Meán Fómhair 2019¹.
- (46) D'fhonn a fhorálacha a dhéanamh níos sorochtana agus níos inléite, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.
- (47) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (48) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹ IO C 370, 31.10.2019, lch. 24.

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an tseirbheáil trasteorann doiciméad breithiúnach agus seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta nó thráchtála. Go háirithe, níl feidhm aige maidir le hábhair ioncaim, le hábhair chustaim ná le hábhair riaracháin ná le dliteanas an Bhallstáit i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha i bhfeidhmiú údarás an stáit (*acta iure imperii*).
2. Cé is moite d'Airteagal 7, níl feidhm ag an Rialachán seo i gcás nach eol seoladh an duine a bhfuil doiciméad le seirbheáil air.
3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le doiciméad a sheirbheáil i mBallstát an fhóraitm ar ionadaí údaráithe ag an duine atá le seirbheáil, gan beann ar áit chónaithe an duine sin.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

- (1) ciallaíonn "Ballstát an fhóraitm" an Ballstát ina bhfuil na himeachtaí breithiúnacha ar bun;

- (2) ciallaíonn "córas TF díláraithe" líonra de chórais náisiúnta TF agus de phointí rochtana idir-inoibritheacha, a oibríonn faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit, agus lena gcumasaítear malartú trasteorann faisnéise slán iontaofa idir na córais náisiúnta TF.

Airteagal 3

Gníomhaireachtaí tarchuir agus gníomhaireachtaí fála

1. Ainmneoidh gach Ballstát na hoifigigh phoiblí, na húdaráis nó na daoine eile a bheidh inniúil chun doiciméid bhreithiúnacha nó doiciméid sheachbhreithiúnacha atá le seirbheáil i mBallstát eile a tharchur ("gníomhaireachtaí tarchuir").
2. Ainmneoidh gach Ballstát na hoifigigh phoiblí, na húdaráis nó na daoine eile a bheidh inniúil chun doiciméid bhreithiúnacha nó doiciméid sheachbhreithiúnacha a fháil ó Bhallstát eile ("gníomhaireachtaí fála").
3. Féadfaidh Ballstáit gníomhaireachtaí tarchuir agus gníomhaireachtaí fála ar leithligh a ainmniú nó féadfaidh siad gníomhaireacht amháin nó níos mó a ainmniú chun feidhmeanna na gníomhaireachta tarchuir agus na gníomhaireachta fála a chur i gcrích. Féadfaidh Ballstáit Chónaidhme, Ballstáit ina bhfuil feidhm ag dlíchórais éagsúla agus Ballstáit a bhfuil aonaid chríche fhéinrialaithe iontu breis agus gníomhaireacht amháin den sórt sin a ainmniú. Beidh éifeacht leis an ainmniú sin go ceann tréimhse cúig bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse cúig bliana eile.
4. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Choimisiún:
 - (a) ainmneacha agus seoltaí na ngníomhaireachtaí fála dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3;

- (b) na limistéir gheografacha ina bhfuil dlínse ag na gníomhaireachtaí fála sin;
- (c) na modhanna trína féidir leis na gníomhaireachtaí fála sin doiciméid a fháil i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 5(4); agus
- (d) na teangacha is féidir a úsáid chun na foirmeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chomhlánú.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon mhodhnú a dhéanfar ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina dhiaidh sin.

Airteagal 4 *Comhlacht lárnach*

Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht lárnach a bheidh freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) faisnéis a sholáthar do na gníomhaireachtaí tarchuir;
- (b) réitigh a lorg ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus doiciméid atá le seirbheáil á dtarchur;
- (c) iarraidh ar sheirbheáil a chur ar aghaidh, i gcásanna eisceachtúla, chuig an ngníomhaireacht fála inniúil arna iarraidh sin do ghníomhaireacht tarchuir.

Féadfaidh Ballstáit Chónaidhme, Ballstáit ina bhfuil dlíchórais éagsúla i bhfeidhm agus Ballstáit a bhfuil aonaid chríche fhéinrialaithe iontu níos mó ná comhlacht lárnach amháin a ainmniú.

Airteagal 5

Modhanna cumarsáide atá le úsáid ag gníomhaireachtaí tarchuir, gníomhaireachtaí fála agus ag comhlachtaí lárnacha

1. Doiciméid atá le seirbheáil, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus cumarsáide eile a dhéantar ar bhonn na bhfoirmeacha in Iarscríbhinn I idir gníomhaireachtaí tarchuir agus gníomhaireachtaí fála, idir na gníomhaireachtaí sin agus na comhlachtaí lárnacha, nó idir comhlachtaí lárnacha na mBallstát éagsúil, tarchuirfear iad trí chóras TF díláraithe slán iontaofa. Beidh an córas TF díláraithe sin bunaithe ar réiteach idir-inoibritheach, amhail e-CODEX.
2. Beidh feidhm ag an gcreat dlíthiúil ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe cáilithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir leis na doiciméid atá le seirbheáil, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus cumarsáid arna dtarchur tríd an gcóras TF díláraithe.
3. I gcás inar gá séala nó síniú lámhscríofa le haghaidh doiciméad atá le seirbheáil, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus cumarsáid eile dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, nó i gcás ina bhfuil séala nó síniú lámhscríofa ina chuid díobh, féadfar ríomhshéalaí cáilithe nó ríomhshínithe cáilithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a úsáid ina n-ionad.
4. I gcás nach féidir tarchur a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 mar gheall ar chur isteach ar an gcóras TF díláraithe nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla, déanfar an tarchur ar na modhanna malartacha is tapúla agus is iomchuí, agus an gá atá le hiontaofacht agus slándáil a áirithiú á chur san áireamh.

Airteagal 6
Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad

Maidir le doiciméid a tharchuirfear tríd an gcóras TF díláráithe, ní dhéanfar éifeacht dhlíthiúil a shéanadh orthu ná ní mheasfar iad a bheith neamh-inghlactha mar fhianaise sna himeachtaí ar an bhforas, agus ar an bhforas sin amháin, gur i bhfoirm leictreonach atá siad.

Airteagal 7
Cúnamh agus an seoladh á fhiosrú

1. I gcás nach fios cén seoladh atá ag an duine a bhfuil an doiciméad breithiúnach nó seachbhreithiúnach le seirbheáil air nó uirthi i mBallstát eile, tabharfaidh an Ballstát sin cúnamh chun an seoladh a chinneadh trí cheann amháin de na bealaí seo a leanas ar a laghad:
 - (a) cúnamh chun seoladh a chinneadh do dhuine a bheidh le seirbheáil ag údaráis ainmnithe arna iarraidh sin ag an ngníomhaireacht tarchuir;
 - (b) cead a thabhairt do dhaoine ó Bhallstáit eile iarrataí lena n-áirítear iarrataí leictreonacha, ar fhaisnéis faoi sheoltaí na ndaoine atá le seirbheáil a chur isteach go díreach chuig cláir shainchónaithe nó chuig bunachair sonraí eile atá inrochtana don phobal trí bhíthin foirm chaighdeánach atá ar fáil ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas; nó
 - (c) faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil, tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, maidir le conas seoladh na ndaoine atá le seirbheáil a aimsiú.

2. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis a leanas ar fáil don Choimisiún d'fhonn í a chur ar fáil don phobal tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas:
- (a) na modhanna cúnaimh a sholáthróidh an Ballstát ina chríoch de bhun mhír 1;
 - (b) i gcás inarb infheidhme, ainm agus sonraí teagmhála na n-údarás dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1;
 - (c) an ndéanfaidh údaráis an Bhallstáit, ar a dtionscnamh féin, iarrataí chuig cláir shainchónaithe nó chuig bunachair sonraí eile a bhfuiltear ag díriú air iarrataí ar fhaisnéis maidir le seoltaí i gcásanna nach bhfuil an seoladh a léirítear san iarraidh ar sheirbheáil ceart.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le haon mhodhnú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

CAIBIDIL II

DOICIMÉID BHRÉITHIÚNACHA

ROINN 1

DOICIMÉID BHRÉITHIÚNACHA A THARCHUR AGUS A SHEIRBHEÁIL

Airteagal 8

Doiciméid a tharchur

1. Déanfar doiciméid bhréithiúnacha a tharchur go díreach agus a luaithe is féidir idir na gníomhaireachtaí tarchuir agus na gníomhaireachtaí fála.
2. Beidh iarraidh arna dréachtú ag baint úsáid as foirm A in Iarscríbhinn I ag gabháil leis an doiciméad a bheidh le tarchur. Déanfar an fhoirm a chomhlánú i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát sin in iúl go nglacfaidh sé léi.

Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún aon teanga oifigiúil de chuid an Aontais, seachas a theanga féin, lena bhfuil glacadh aige inar féidir an fhoirm a chomhlánú.

3. Beidh na doiciméid a tharchuirfear faoin Rialachán seo díolmhaithe ó cheanglais sa reachtaíocht nó ó aon fhoirmiúlacht choibhéiseach.

4. I gcás ina n-iarann an ghníomhaireacht tarchuir go gcuirfí cóip ar ais chuici den doiciméad arna sheoladh i bhformáid pháipéir i gcomhréir le hAirteagal 5(4), maille leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 14, seolfaidh sí an doiciméad sin i ndúblach.

Airteagal 9

Doiciméid a aistriú

1. An ghníomhaireacht tarchuir a gcuireann an páirtí iarrthach an doiciméad chuici lena tarchur, tabharfaidh sí comhairle don iarratasóir go bhféadfadh an seolaí diúltú glacadh leis an doiciméad mura bhfuilsé i gceann de na teangacha dá bhforáiltear in Airteagal 12(1).
2. Is ar an iarratasóir a thitfidh aon chostais ar aistriúchán roimh tharchur an doiciméid, gan dochar d'aon chinntí a d'fhéadfadh cúirt nó údarás inniúil a dhéanamh ina dhiaidh sin maidir le dliteanas i leith na gcostas sin.

Airteagal 10

Doiciméid a fháil ag gníomhaireacht fála

1. Ar dhoiciméad a fháil, déanfaidh an ghníomhaireacht fála admháil fála a sheoladh go huathoibríoch chuig an ngníomhaireacht tarchuir a luaithe is féidir tríd an gcóras TF díláraithe, nó i gcás ina gcuirtear an admháil trí aon mhodh eile, a luaithe is féidir agus i ngach cás laistigh de sheacht lá ón admháil a fháil, trí úsáid a bhaint as foirm D in Iarscríbhinn I.

2. I gcás nach bhféadfar an iarraidh ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, rachaidh an ghníomhaireacht fála i dteagmháil leis an ngníomhaireacht tarchuir gan moill mhíchúí chun an fhaisnéis nó na doiciméid atá in easnamh a fháil ag baint úsáid as foirm E in Iarscríbhinn I.
3. I gcás ina bhfuil an iarraidh ar sheirbheáil lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo nó i gcás inar féidir an tseirbheáil a dhéanamh de bharr neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha foirmiúla riachtanacha, déanfar an iarraidh agus na doiciméid a tarchuireadh a chur ar ais chuig an ngníomhaireacht tarchuir na doiciméid a fháil, gan moill mhíchúí, maille leis an bhfógra aischuir, ag baint úsáid as foirm F in Iarscríbhinn I.
4. I gcás ina bhfaigheann gníomhaireacht fála doiciméad le seirbheáil ach nach bhfuil dlínse chríche aici chun é a sheirbheáil, cuirfidh sí an doiciméad sin ar aghaidh gan moill mhíchúí, maille leis an iarraidhchuig an ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát a bhfuiltear ag díriú air, má comhlíontear, leis an iarraidh, na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8(2). Cuirfidh an ghníomhaireacht fála an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas dá réir ag an am céanna, ag baint úsáid as foirm G in Iarscríbhinn I. Ar an doiciméad agus an iarraidh a fháil ag an ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát a bhfuiltear ag díriú air, cuirfidh an ghníomhaireacht fála admháil fála chuig an ngníomhaireacht tarchuir ag baint úsáid as foirm H in Iarscríbhinn I, a luaithe is féidir agus i ngach cás laistigh de sheacht lá ó na doiciméid a bheith faighte.

Airteagal 11
Doiciméid a sheirbheáil

1. Déanfaidh an ghníomhaireacht fála an doiciméad a sheirbheáil í féin, nó déanfaidh sí go seirbheálfar é, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air nó ar mhodh leithleach arna iarraidh ag an ngníomhaireacht tarchuir, ach amháin mura mbeidh an modh sin ag luí le dlí an Bhallstáit sin.
2. Déanfaidh an ghníomhaireacht fála na bearta ar fad is gá le seirbheáil an doiciméid a dhéanamh a luaithe is féidir, agus i ngach cás laistigh de mhí ón uair a bhfuarthas é. Mura mbeidh sé indéanta an tseirbheáil a dhéanamh laistigh de mhí ón uair a bhfaightear an doiciméad, déanfaidh an ghníomhaireacht fála an méid seo a leanas:
 - (a) cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas láithreach trí bhíthin foirm K in Iarscríbhinn I nó, má iarrann an ghníomhaireacht tarchuir faisnéis trí bhíthin foirm I in Iarscríbhinn I, trí bhíthin foirm J in Iarscríbhinn I; agus
 - (b) leanfaidh sí de na bearta ar fad is gá a dhéanamh chun seirbheáil doiciméid a dhéanamh, i gcás inar cosúil go bhfuil sé indéanta an tseirbheáil a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta, seachas má sonróidh an ghníomhaireacht tarchuir nach bhfuil gá leis an seirbheáil sin a thuilleadh.

Airteagal 12
Diúltú glacadh le doiciméad

1. Féadfaidh an seolaí an doiciméad atá le seirbheáil a dhiúltú mura bhfuil an doiciméad scríofa, nó mura bhfuil aistriúchán ag gabháil leis, i gceann de na teangacha a leanas:
 - (a) teanga a thuigeann an seolaí; nó
 - (b) teanga oifigiúil an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla na háite ina bhfuil an tseirbheáil le déanamh.
2. Cuirfidh an ghníomhaireacht fála an seolaí ar an eolas faoin gceart dá bhforáiltear i mír 1 mura bhfuil an doiciméad scríofa, nó mura bhfuil aistriúchán ag gabháil leis, i dteanga dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír sin, tríd an fhoirm L in Iarscríbhinn I a chur i gceangal leis an doiciméad a bheidh le seirbheáil, ar doiciméad é a bheidh le cur ar fáil sna teangacha a leanas:
 - (a) teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit tionscnaimh; agus
 - (b) teanga dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.

Má shonraítear go dtuigeann an seolaí teanga oifigiúil Ballstáit eile, déanfar foirm L in Iarscríbhinn I sa teanga sin a chur ar fáil freisin.

I gcás ina n-aistríonn Ballstát foirm L in Iarscríbhinn I go teanga de chuid na tríú tíre, cuirfidh sé an t-aistriúchán sin in iúl don Choimisiún d'fhonn é a chur ar fáil aran Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

3. Féadfaidh an seolaí an doiciméad a dhiúltú tráth na seirbheála nó laistigh de choicís ó thráth na seirbheála trí dhearbhu scríofa maidir le diúltú an ghlactha a dhéanamh. Chun na críche sin, féadfaidh an seolaí a chur ar ais chuig an ngníomhaireacht fála foirm L in Iarscríbhinn I nó aon dearbhú i scríbhinn á rá go ndiúltaíonn an seolaí an doiciméad a ghlacadh i ngeall ar an teanga ina seirbheáladh an doiciméad.
4. I gcás ina gcuirfear an ghníomhaireacht fála ar an eolas go ndiúltaíonn an seolaí glacadh leis an doiciméad de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3, cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas láithreach trí bhíthin an deimhnithe seirbheála nó neamhsheirbheála ag baint úsáid as foirm K in Iarscríbhinn I, agus déanfaidh sí an iarraidh agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, gach doiciméad a bhfuil aistriúchán iarrtha ina leith a chur ar ais.
5. Is féidir seirbheáil an doiciméid a diúltaíodh leigheas tríd an doiciméad sin maille le haistriúchán i dteanga dá bhforáiltear i mír 1 a sheirbheáil ar an seolaí i gcomhréir leis an Rialacháin seo. I gcás mar sin, is é dáta seirbheála an doiciméid an dáta a sheirbheáiltear an doiciméad agus a aistriúchán i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air. Mar sin féin, i gcás ina gceanglaítear le dlí an Bhallstáit iarrthaigh doiciméad a sheirbheáil faoi cheann tréimhse áirithe, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir dáta seirbheála an doiciméid tosaigh arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 13(2).

6. Tá feidhm ag míreanna 1 go 5 freisin maidir leis na modhanna eile tarchuir agus seirbheála doiciméad breithiúnach dá bhforáiltear i Roinn 2.
7. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh na gníomhairí taidhleoireachta nó na hoifigigh chonsalacha, i gcásanna ina ndéanfar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 17, agus an t-údarás nó an duine, i gcásanna ina ndéanfar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagail 18, 19 nó 20, an seolaí a chur ar an eolas go bhféadfaidh an seolaí diúltú glacadh leis an doiciméad agus gur gá foirm L in Iarscríbhinn I nó dearbhú scríofa diúltaithe a sheoladh chuig na gníomhairí nó oifigigh sin nó chuig an údarás sin nó chuig an duine sin faoi seach.

Airteagal 13

Dáta seirbheála

1. Gan dochar d'Airteagal 12(5), is é an dáta a rinneadh an tseirbheál de bhun Airteagal 11 an dáta ar seirbheáladh an doiciméad i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air.
2. Mar sin féin, i gcás ina gceanglaítear le dlí an Bhallstáit doiciméad a sheirbheáil faoi cheann tréimhse áirithe, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir an dáta a chinnfear le dlí an Bhallstáit sin.
3. Tá feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir leis an modh tarchuir agus seirbheála doiciméad breithiúnach dá bhforáiltear i Roinn 2.

Airteagal 14

Deimhniú seirbheála agus cóip den doiciméad a seirbheáladh

1. Ar na foirmiúlachtaí maidir leis an doiciméad a sheirbheáil atá i gceist a chríochnú, déanfaidh an ghníomhaireacht fála deimhniú comhlánaithe na bhfoirmiúlachtaí sin a dhréachtú ag baint úsáid as foirm K in Iarscríbhinn I, agus seolfaidh sí é chuig an ngníomhaireacht tarchuir, maille le cóip den doiciméad arna sheirbheáil, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 8(4).
2. Déanfar an deimhniú dá dtagraítear i mír 1 a chomhlánú i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit tionscnaimh, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát tionscnaimh in iúl go nglacfaidh sé léi. Cuirfidh gach Ballstát in aon teanga oifigiúil de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh seachas a cheann féin inar féidir foirm K in Iarscríbhinn I a chomhlánú.

Airteagal 15

Costais seirbheála

1. Ní bheidh aon oibleagáid maidir le cánacha ná costais a íoc ná le haisíoc i leith seirbhísí arna soláthar ag an mBallstát a bhfuiltear ag díriú air maidir le doiciméid bhreithiúnacha arna dtionscnaimh i mBallstát a sheirbheáil.

2. De mhaolú ar mhír 1, is é an t-iarratasóir a íocfaidh nó a aisíocfaidh na costais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) dul i muinín oifigigh bhreithiúnaigh nó duine atá inniúil faoi dhlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air;
- (b) modh áirithe seirbheála a úsáid.

Leagfaidh na Ballstáit síos táille shocraithe aonair maidir le dul i muinín oifigigh bhreithiúnaigh nó le dul i muinín duine atá inniúil faoi dhlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air. Beidh an táille sin gcomhréir le prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe. Cuirfidh na Ballstáit na táillí socraithe sin in iúl don Choimisiún.

ROINN 2

MODHANNA EILE CHUN DOICIMÉID BHRÉITHIÚNACHA

A THARCHUR AGUS A SHEIRBHEÁIL

Airteagal 16

Tarchur trí chainéil taidhleoireachta nó chonsalacha

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh gach Ballstát cainéil taidhleoireachta nó chonsalacha a úsáid chun doiciméid bhreithiúnacha a tharchur, chun críoch seirbheála, chuig na gníomhaireachtaí fála nó comhlachtaí lárnacha de chuid Ballstáit.

Airteagal 17

Seirbheáil trí ghníomhairí taidhleoireachta nó oifigigh chonsalacha

1. Féadfaidh gach Ballstát doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile, gan úsáid a bhaint as bearta comhéigheacha trína ghníomhairí taidhleoireachta nó oifigigh chonsalacha go díreach.
2. Féadfaidh Ballstát a chur in iúl don Choimisiún go bhfuil sé i gcoinne doiciméid bhreithiúnacha den sórt sin a sheirbheáil, dá dtagraítear i mír 1, ar a chríoch, mura mbeidh na doiciméid le seirbheáil ar náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit óna dtionscnaíonn na doiciméid sin.

Airteagal 18

Seirbheáil trí sheirbhísí poist

Féadfaidh seirbhísí poist doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach ar dhaoine atá i láthair i mBallstát eile trí litir chláraithe a ngabhann admháil fála nó a coibhéis léi.

Airteagal 19
Seirbheáil leictreonach

1. Duine a bhfuil seoladh aitheanta le haghaidh seirbheála ag an duine sin i mBallstáit eile, féadfar seirbheáil doiciméad bhreithiúnach a dhéanamh go díreach ar an duine sin trí mhodhanna leictreonacha seirbheála atá ar fáil faoi dhlí Bhallstáit an fhóiraim chun doiciméid a sheirbheáil go hintíre, ar choinníoll go ndéanfar an méid a leanas:
 - (a) seoltar agus faightear na doiciméid ag baint úsáid as seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus thug an seolaí réamhthoiliú sainráite maidir le modhanna leictreonacha a úsáid chun doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla; nó
 - (b) thug an seolaí réamhthoiliú sainráite don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair nó os a chomhair nó don pháirtí atá freagrach as doiciméid a sheirbheáil in imeachtaí den sórt sin úsáid a bhaint as ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist sonraithe chun críocha doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlí sin agus deimhníonn an seolaí go bhfuarthas an doiciméad le hadmháil fála, lena n-áirítear dáta na fála.
2. D'fhonn slándáil an tarchuir a ráthú, féadfaidh aon Bhallstát na coinníollacha breise a shonrú agus na coinníollacha sin a chur in iúl don Choimisiún, faoina nglacfaidh sé le seirbheáil leictreonach dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, i gcás ina leagtar síos ina dhlí coinníollacha níos déine i ndáil leis sin nó i gcás nach gceadaíonn a dhlí an tseirbheáil leictreonach trí ríomhphost.

Airteagal 20
Seirbheáil dhíreach

1. Féadfaidh aon duine a bhfuil leas aige, go háirithe, in imeachtaí breithiúnacha seirbheáil doiciméad breithiúnach a dhéanamh go díreach trí na hoifigigh bhreithiúnacha, trí oifigigh nó trí dhaoine inniúla eile ón mBallstát ina bhfuil an tseirbheáil á iarraidh, ar choinníoll go gceadófar an tseirbheáil dhíreach sin faoi dhlí an Bhallstáit sin.
2. Ballstát a cheadaíonn seirbheáil dhíreach, soláthróidh sé don Choimisiún faisnéis maidir leis na daoine gairmiúla nó inniúla sin a bhfuil cead acu seirbheáil dhíreach doiciméad a dhéanamh ina chríoch. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil don phobal tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

CAIBIDIL III
DOICIMÉID SHEACHBHREITHIÚNACHA

Airteagal 21
Tarchur agus seirbheáil doicimeád seachbhreithiúnach

Féadfar doiciméid sheachbhreithiúnacha a tharchur chuig agus a sheirbheáil i mBallstát eile i gcomhréir leisan Rialachán seo.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 22

Nuair nach dtiocfaidh an cosantóir i láthair

1. I gcás inar tarchuireadh doiciméad lena dtionscnaítear imeachtaí nó a choibhéis chuig Ballstát eile chun críoch seirbheála faoin Rialachán seo agus nár tháinig an cosantóir i láthair, ní thabharfar breithiúnas go dtí go mbeidh sé suite go ndearnadh an tseirbheáil nó seachadadh an dhoiciméid in am trátha chun go bhféadfaidh an cosantóir cosaint a chur isteach agus:
 - (a) go ndearnadh an doiciméad a sheirbheáil trí mhodh arna fhorordú ag dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air chun doiciméid a sheirbheáil in imeachtaí inmheánacha ar dhaoine atá laistigh dá chríoch; nó
 - (b) go ndearnadh an doiciméad a sheachadadh iarbhair ar an gcosantóir nó ar áit chónaithe an chosantóra trí mhodh eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
2. Féadfaidh gach Ballstát a chur in iúl don Choimisiún go bhféadfaidh an chúirt, d'ainneoin mhír 1, breithiúnas a thabhairt fiú mura mbeidh deimhniú seirbheála nó seachadta maidir le doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó a choibhéis faighte, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) gur tarchuireadh an doiciméad trí cheann amháin de na modhanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo;

- (b) go bhfuil tréimhse ama a mheasann an breitheamh sa chás áirithe sin a bheith leordhóthanach, tréimhse nach mbeidh níos lú ná sé mhí, caite ó dháta tharchuir an doiciméid;
- (c) nach bhfuil deimhniú d'aon sórt faighte, cé go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta chun ceann a fháil trí údaráis nó trí chomhlachtaí inniúla an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air.

Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

- 3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh cúirteanna, i gcásanna práinne a bhfuil údar cuí leo, aon bhearta sealadacha nó cosanta a ordú.
- 4. I gcás inar ghá doiciméad lena dtionscnaítear imeachtaí nó a choibhéis a tharchur chuig Ballstát eile chun críoch seirbheála i gcomhréir leis an Rialacháin seo agus ina ndearnadh breithiúnas a thaifeadadh i gcoinne cosantóir nár tháinig i láthair, beidh de chumhacht ag an mbreitheamh faoiseamh a thabhairt don chosantóir ó éifeachtaí dhul in éag na tréimhse chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an bhreithiúnais i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll a leanas:
 - (a) nach raibh eolas ag an gcosantóir, gan aon locht ar pháirt an chosantóra, faoin doiciméad in am trátha chun cosaint a chur isteach nó nach raibh sé ar an eolas faoin mbreithiúnas in am trátha chun achomharc a dhéanamh; agus
 - (b) gur árdaigh an cosantóir cosaint *prima facie* ar an gcaingean de bhua an tuillteanais.

Ní fhéadfar iarratas ar fhaoiseamh den sórt sin a thaisceadh ach amháin laistigh de thréimhse réasúnta tar éis don chosantóir a bheith ar an eolas faoin mbreithiúnas.

Féadfaidh gach Ballstát a chur in iúl don Choimisiún, nach mbeidh iarratas ar fhaoiseamh inghlactha má thaisctear é tar éis dul in éag do an spriocdháta a shocraítear ag an mBallstát san fhógra sin. Tráth nach luaithe ná bliain tar éis dháta an bhreithiúnais, ar aon chuma, a bheidh an spriocdháta sin. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir le breithiúnais a bhaineann le stádas nó le hinniúlacht daoine.

Airteagal 23

Leasú ar Iarscríbhinn I

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24 chun Iarscríbhinn I a leasú chun na foirmeacha a leagtar amach inti a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin.

Airteagal 24

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail... [ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 23 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmlichte a ghlactar de bhun Airteagal 23 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 25

Gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláráithe, lena leagtar amach an méid seo a leanas:
- (a) na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheáin leictreonacha chun críocha an chórais TF dhíláráithe;
 - (b) na sonraíochtaí teicniúla i dtaca leis na prótacail chumarsáide;
 - (c) na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áirithítear íoschaighdeán slándála faisnéise maidir le próiseáil agus cumarsáid faisnéise laistigh den chóras TF díláráithe;
 - (d) na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara fhéideartha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraítear leis an gcóras TF díláráithe;

(e) coiste stiúrtha a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit chun oibriú agus cothabháil an chórais TF dhílártaíthe a áirithiú chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh faoin...[15 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).

Airteagal 26

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 27

Bogearraí cur chun feidhme tagartha

1. Is é an Coimisiún a bheidh freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, ar bogearraí iad a fhéadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh iad a chur i bhfeidhm mar chóras cúil seachas córas náisiúnta TF. Is as buiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar cruthú agus cothabháil na mbogearraí cur chun feidhme tagartha, agus a bhforbairt amach anseo.

2. Déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn saor in aisce, cur chun feidhme na gcomhpháirteanna bogearra is bunús leis na pointí rochtana a chur ar fáil agus a chothabháil agus tacóidh sé leis.

Airteagal 28

Costais an chórais TF dhiláraithe

1. Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil a phointí rochtana féin lena ndéantar na córais náisiúnta TF a idirnascadh i gcomhthéacs an chórais TF dhiláraithe.
2. Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena chórais náisiúnta TF a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis na pointí rochtana, agus íocfaidh siad na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a oibriú agus a chothabháil.
3. Beidh míreanna 1 agus 2 gan dochar d'don fhéidearthacht a bheidh ag Ballstáit iarratas a dhéanamh ar dheontais chun tacú leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sna míreanna sin faoi chláir airgeadais an Aontais.

Airteagal 29

An gaol le comhaontuithe nó socruithe idir Ballstáit

1. Maidir le hábhair a bhfuil feidhm aige maidir leo, beidh forlámhas ag an Rialachán seo ar fhorálacha eile atá sna comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó sna socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích ag Ballstáit, agus go háirithe Coinbhinsiún na Háige an 15 Samhain 1965 ar Sheirbheáil Doiciméad Breithiúnach agus Seachbhreithiúnach in Ábhair Shibhialta nó Tráchtála ar an gCoigríoch, i gcaidrimh idir na Ballstáit ar páirtithe iad iontu.

2. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar Bhallstáit comhaontuithe nó socruithe a chothabháil nó a thabhairt i gcrích chun tarchur doiciméad a bhrostú nó a shimpliú, ar choinníoll go mbeidh na comhaontuithe nó na socruithe sin ag luí leis an Rialachán seo.
3. Seolfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas chuig an gCoimisiún:
 - (a) cóip d'aon chomhaontuithe nó socruithe dá dtagraítear i mír 2 a bheidh tugtha i gcrích idir na Ballstáit mar aon le dréachtaí d'aon chomhaontuithe nó socruithe den sórt sin a bhfuil, sé beartaithe acu a ghlacadh; agus
 - (b) aon séanadh nó aon leasuithe a rinneadh ar na comhaontuithe nó socruithe sin.

Airteagal 30

Cúnamh dlíthiúil

Ní dhéanfaidh an Rialachán seo d difear do chur i bhfeidhm Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Háige an 1 Márta 1954 maidir le Nós Imeachta Sibhialta ná Airteagal 13 de Choinbhinsiún an 25 Deireadh Fómhair 1980 maidir le rochtain idirnáisiúnta ar cheartas idir na Ballstáit ar páirtithe sna Coinbhinsiúin sin iad.

Airteagal 31

Faisnéis arna tarchur a chosaint

1. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéantar de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear malartú nó tarchur sonraí pearsanta á dhéanamh ag na húdaráis inniúla, beidh sí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Aon mhalartú nó tarchur faisnéise a dhéanfaidh údaráis inniúla ar leibhéal an Aontais, déannfar é i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Scriosfar láithreach sonraí pearsanta nach bhfuil ábhartha maidir le cás áirithe a láimhseáil.

2. Measfar gur rialaitheoirí de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 iad an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla faoin dlí náisiúnta i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.
3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, ní úsáidfí an ghníomhaireacht fála faisnéis arna tarchur faoin Rialachán seo ach amháin chun na críche ar tarchuireadh í.
4. Déanfaidh gníomhaireachtaí fála a áirithiú go bhfanfaidh faisnéis den sórt sin faoi rún, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.
5. Beidh míreanna 3 agus 4 gan dochar do dhlíthe náisiúnta lena gcumasaítear daoine is ábhair do shonraí a chur ar an eolas faoin úsáid a bhaintear as faisnéis arna tarchur faoin Rialachán seo.
6. Beidh an Rialachán seo gan dochar do Threoir 2002/58/CE .

Airteagal 32

Urraim do chearta bunúsacha faoi dhlí an Aontais

Tabharfar lánaird ar chearta agus saoirsí bunúsacha na ndaoine ar fad lena mbaineann agus urramófar go hiomlán iad i gcomhréir le dlí an Aontais., go háirithe na cearta chun rochtain chomhionann ar an gceartas, chun neamh-idirdhealú agus chun cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais.

Airteagal 33

Cumarsáid, foilsiú agus lámhleabhar

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún. an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 3, 7, 12, 14, 17, 19, 20 agus 22.

Más rud é go gcaithfear doiciméad a sheirbheáil de réir a ndlí náisiúnta laistigh de thréimhse áirithe dá dtagraítear in Airteagail 12(5) agus 13(2), cuirfidh na Ballstáit é sin in iúl don Choimisiún.

2. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún má tá siad in ann an córas TF díláraithe a oibriú níos luaithe ná mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis den chineál sin ar fáil go leictreonach, go háirithe tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.
3. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis a chuirtear in iúl dó i gcomhréir le mír 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, seachas seoltaí agus sonraí teagmhála eile na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí lárnacha agus na limistéir gheografacha ina bhfuil dlínse acu.
4. Déanfaidh an Coimisiún lámhleabhar a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in mír 1. Cuirfidh sé an lámhleabhar ar fáil go leictreonach, go háirithe tríd an Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála agus ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

Airteagal 34

Faireachán

1. Faoin ...[bliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 37(1)], bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchair an Rialacháin seo.
2. Sonrófar sa chlár faireacháin an ghníomhaíocht atá le déanamh ag an gCoimisiún agus na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchar an Rialacháin seo. Leagfar amach ann an tráth a ndéanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 3 a bhailiú den chéad uair, ...[ceithre bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 37(1)], ar a dhéanaí a bheidh i gceist leis, agus na heatraimh ina dhiaidh sin nuair a ndéanfar na sonraí sin a bhailiú.
3. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún na sonraí a leanas is gá chun críocha faireacháin a dhéanamh, i gcás ina mbeidh siad ar fáil:
 - (a) líon na n-iarrataí ar sheirbheáil doiciméad arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagal 8;
 - (b) líon na n-iarrataí ar sheirbheáil doiciméad arna bhforghníomhú i gcomhréir le hAirteagal 11;
 - (c) líon na gcásanna inar tarchuireadh an iarraidh ar dhoiciméid a sheirbheáil ar bhealaí eile seachas tríd an gcóras TF díláraithe i gcomhréir le Airteagal 5(4);

- (d) líon na ndeimhnithe a fuarthas maidir le neamhsheirbheáil doiciméad;
- (e) líon na ndiúltuithe doiciméad ar chúiseanna teanga a fuair na gníomhaireachtaí tarchuir.

4. Leis na bogearraí cur chun feidhme tagartha agus, i gcás ina bhfuil sé feistithe, leis an gcóras cúil náisiúnta déanfar na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (d) de mhír 3 a bhailiú ar bhonn cláir agus a tharchur chuig an gCoimisiún ar bhonn rialta.

Airteagal 35

Meastóireacht

1. Tráth nach déanaí ná cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 37(2), déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar a phríomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil léi.
2. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú.

Airteagal 36

Aisghairm

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 le héifeacht amhail ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, cé is moite d'Airteagail 4, agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007, Airteagail a aisghairfear ó dháta chur i bhfeidhm Airteagail 5, 8 agus 10 dá dtagraítear in Airteagal 37(2) den Rialachán seo.
2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn III.

Airteagal 37

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón[gcéad lá den mhí tar éis 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
2. Beidh feidhm ag Airteagail 5, 8 agus 10 ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

FOIRM A

IARRAIDH AR DHOICIMÉID A SHEIRBHEÁIL

(Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil)¹⁺)

Uimh. thagartha na gníomhaireachta tarchuir:

1. GNÍOMHAIREACHT TARCHUIR

1.1. Ainm:

1.2. Seoladh:

1.2.1. Sráid agus uimhir/bosca poist:

1.2.2. Áit agus cód poist:

1.2.3. Tír:

1.3. Teil.:

1.4. Facs (*):

1.5. Ríomhphost:

¹ IO: ...

⁺ Nóta do IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus dáta an Rialacháin seo agus cuir isteach san fhonóta an tagairt don fhoilseachán in IO.

^{*} Tá an mhír seo roghnach.

2. GNÍOMHAIREACHT FÁLA

2.1. Ainm:

2.2. Seoladh:

2.2.1. Sráid agus uimhir/bosca poist:

2.2.2. Áit agus cód poist:

2.2.3. Tír:

2.3. Teil:

2.4. Facs (*):

2.5. Ríomhphost:

3. IARRATASÓIR(Í)¹

3.1. Ainm:

3.2. Seoladh:

3.2.1. Sráid agus uimhir/bosca poist:

3.2.2. Áit agus cód poist:

3.2.3. Tír:

* Tá an mhír seo roghnach.

¹ I gcás ina bhfuil níos mó ná iarratasóir amháin ann, tabhair faisnéis, le do thoil, mar a leagtar amach i mír 3.1. go 3.5.

3.3. Teil. (*):

3.4. Facs (*):

3.5. Ríomhphost (*):

4. SEOLAÍ

4.1. Ainm:

4.1.1. Dáta breithe, más ann dó:

4.2. Seoladh

4.2.1. Sráid agus uimhir/bosca poist:

4.2.2. Áit agus cód poist:

4.2.3. Tír:

4.3. Teil. (*):

4.4. Facs (*):

4.5. Ríomhphost (*):

4.6. Uimhir aitheantais/uimhir slándála sóisialta/uimhir eagraíochta/nó uimhir choibhéiseach (*):

4.7. Aon fhaisnéis eile a bhaineann leis an seolaí (*):

* Tá an mhír seo roghnach.

5. MODH SEIRBHEÁLA

5.1. I gcomhréir le dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air ☐

5.2. Tríd an modh sonrach seo a leanas ☐

5.2.1. Mura mbeidh an modh sin ag luí le dlí an Bhallstáit a bhfuiltear ag díriú air, ba cheart an doiciméad (na doiciméid) a sheirbheáil i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin:

5.2.1.1. tá ☐

5.2.1.2. níl ☐

6. AN DOICIMÉAD ATÁ LE SEIRBHEÁIL

6.1. Cineál an doiciméid:

6.1.1. breithiúnach ☐

6.1.1.1. eascaire toghairme ☐

6.1.1.2. cinneadh/breithiúnas ☐

6.1.1.3. achomharc ☐

6.1.1.4. cineál eile (sonraigh, le do thoil):

6.1.2. seachbhreithiúnach ☐

6.2. An dáta nó an teorainn ama nach gá an tseirbheáil a thuilleadh ina dhiaidh (*):

.....(lá)(mí).....(bliain)

6.3. Teanga an doiciméid:

6.3.1. bunteanga BG ☐, ES ☐, CS ☐, DE ☐, ET ☐, EL ☐, EN ☐, FR ☐, GA ☐,
HR ☐, IT ☐, LV ☐, LT ☐, HU ☐, MT ☐, NL ☐, PL ☐, PT ☐, RO ☐, SK ☐,
SL ☐, FI ☐, SV ☐, eile ☐ (sonraigh, le do thoil)

6.3.2. aistriúchán (*) BG ☐, ES ☐, CS ☐, DE ☐, ET ☐, EL ☐, EN ☐, FR ☐, GA ☐,
HR ☐, IT ☐, LV ☐, LT ☐, HU ☐, MT ☐, NL ☐, PL ☐, PT ☐, RO ☐, SK ☐,
SL ☐, FI ☐, SV ☐, eile ☐ (sonraigh, le do thoil)

6.4. Líon na n-iatán:

7. TEANGA NA FAISNÉISE DON SEOLAÍ MAIDIR LEIS AN gCEART DIÚLTÚ GLACADH LE DOICIMÉAD

Chun críocha Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2020/...⁺, cuir in iúl, le do thoil, cé acu de na teangacha a leanas, sa bhreis ar theanga an Bhallstáit ar a bhfuiltear ag díriú air, a bhfuil an fhaisnéis le soláthar:

7.1. Teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit tionscnaimh¹:
(BG ☐, ES ☐, CZ ☐, DE ☐, ET ☐, EL ☐, EN ☐, FR ☐, GA ☐, HR ☐, IT ☐, LV ☐,
LT ☐, HU ☐, MT ☐, NL ☐, PL ☐, PT ☐, RO ☐, SK ☐, SL ☐, FI ☐, SV ☐)

* Tá an mhír seo roghnach.

⁺ Nóta do IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin seo.

¹ Ní bhaineann an mhír seo ach leis na Ballstáit sin ina bhfuil níos mó ná teanga oifigiúil amháin.

7.2. Teanga oifigiúil Bhallstáit eile a thuigfidh an seolaí, b'fhéidir: (BG ☐, ES ☐, CZ ☐, DE ☐, ET ☐, EL ☐, EN ☐, FR ☐, GA ☐, HR ☐, IT ☐, LV ☐, LT ☐, HU ☐, MT ☐, NL ☐, PL ☐, PT ☐, RO ☐, SK ☐, SL ☐, FI ☐, SV ☐)

8. CÓIP DEN DOICIMÉAD LE hAISCHUR LEIS AN DEIMHNIÚ SEIRBHEÁLA
(Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2020/...+)

8.1. Tá (sa chás seo, seol dhá chóip den doiciméad atá le seirbheáil) ☐

8.2. Níl ☐

9. CÚISEANNA GAN TARCHUR A DHÉANAMH TRÍD AN gCÓRAS TF DÍLÁRAITHE
(AIRTEAGAL 5(4) de Rialachán (AE) 2020/...⁺)¹⁺⁺

Ní rabhthas in ann tarchur leictreonach a dhéanamh ar na cúiseanna a leanas:

☐ míshocracht sa chóras TF díláraithe

☐ imthosca eisceachtúla

⁺ Nóta do IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin seo.

¹ Níl feidhm ag an mhír seo ach ó dháta theacht i bhfeidhm an chórais TF díláraithe i gcomhréir le hAirteagal 37(2) de Rialachán (AE) 2020/....

⁺⁺ Nóta do IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin seo san fhonóta.

- | | |
|----|---|
| 1. | I gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/..., ceanglaítear ort na céimeanna uile a thabhairt is gá chun go seirbheálfar an doiciméad a luaithe is féidir, agus i ngach cás, laistigh de mhí ón dáta a bhfuarthas é. Murarbh fhéidir leat an tseirbheáil a dhéanamh laistigh de mhí ón dáta a bhfuarthas an doiciméad, ní foláir duit an ghníomhaireacht seo a chur ar an eolas tríd an bhfóras sin a shonrú i mír <u>2</u> den deimhniú seirbheála nó neamhsheirbheála doiciméad. |
| 2. | Mura féidir leat an iarraidh seo ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, ceanglaítear ort faoi Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/..., dul i dteagmháil leis an ngníomhaireacht seo chun an fhaisnéis nó an doiciméad atá in easnamh a fháil trí úsáid a bhaint as foirm E in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/...*. |

Arna déanamh i/in/sa:

Dáta:

Síniú agus/nó stampa nó_ríomhshíniú agus/nó ríomhshéala:

* Nóta do IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin seo.

IARRAIDH AR SHEOLADH AN DUINE A BHFUILTEAR LE SEIRBHEÁIL AIR
NÓ UIRTHI A FHÁIL AMACH

